PLEAN CEACHTA
# BITHÉAGSÚLACHTA

## Gnáthóga a Mhapáil ar Fhearann na Scoile

### Aidhm:

Gnáthóga reatha na scoile a mhapáil, agus forbairt a dhéanamh air trí gnáthóga a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh.

### Nóta:

Tá dhá chéim ag baint leis an ngníomhaíocht seo:

| | |
|---|---|
| **Céim 1:** | **Gnáthóga Reatha a Mhapáil** |
| **Léarscáil Gnáthóga** | Ag clárú an méid atá againn cheana féin |
| **Céim 2:** | **Gnáthóga Féideartha** |
| **Plean Gnáthóga** | Gnáthóga le forbairt (Má tá Léarscáil Gnáthóga ann cheana) |

### Naisc Curaclaim:

Dúile beo
Mé féin agus daoine eile

### Naisc Spriocanna Domhanda:

**Sprioc 11** – Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe
**Sprioc 13** – Gníomhú ar son na hAeráide
**Sprioc 15** – Beatha ar Tír

### Scileanna:

Taighde; Ag Breathnóireacht; Ag Clárú; Ag Imscrúdú; Ag Sainaithint; Focail Nua; Ealaín

### Focail Nua

**Eolaíocht Saoránach:** Nuair a chabhraíonn gnáthduine le shonraí eolaíoch a bhailiú le haghaidh taighde.

Is féidir clárú plándaí, ainmhithe agus feithidí a fheiceann tú i gclós na scoile. Más é an chéad uair agat é, bain úsáid as an "Backyard Biodiversity Sheet". Má tá taithí agat ar clarú speiceas, is féidir an 'Tairseach Eolaíocht Saoránacha' a úsáid ar shuíomh idirlíon Bithéagsúlacht Éireann.

**Daille Phlandaí:** Gan aire, gan aird ar na plandaí mórthimpeall ar dhuine, rud is cúis le easpa tuiscint ar thábhacht phlandaí inár saol, agus inár bithsféar. Ar a bharr sin, cailltear an caidreamh leis an dúlra, agus le gnáthóga. Déan iarracht aird a thabhairt ar na plandaí a thagann tú orthu gach lá.

### Tuilleadh Eolais:

Tá "Géarchéim Aeráide agus Bithéagsúlachta" fógartha ag Rialtais na hÉireann. Is é an gníomh is tábhachtaí gur féidir a dhéanamh ar fhearann na scoile ná spás ar leith ar son gnáthóga fiadhúlra agus an bithéagsúlacht a chur in áirithe. Ní mór dúinn bogadh ar shiúl ó chlóis lánchoincréite go spásanna níos torthúla.

Is é aidhm an cleachtais seo tús a chur le clárú na speicis éagsúla atá i láthair, agus go ndéanfaí gnáthóga eile a phleanáil mar thionscnaimh ranga. Seans nach léir méid na bithéagsúlachta go bhfaighfear ann m.s. eidhneán ar na ballaí, bláthanna fiáin sa bhfaice, crainn, fálta, srl.

Ní cúis imní é mura bhfuil ainm gach speicis ar eolas agat, is féidir iad seo a fhiosrú leis na daltaí.

LEARNING ABOUT FORESTS
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture Food and the Marine
Green-Schools

# PLEAN CEACHTA
# BITHÉAGSÚLACHTA

Tionscnamh leanúnach is ea é an learscáil seo, mar sin is fearr glacadh le faisnéis ghinearálta agus cur léi nuair is gá.

Tabhair cuireadh d'Oifigeach Bithéagsúlachta nó do bhall de phobal na scoile teacht chun chabhrú leat.

## Trealamh:

- ✓ Léarscáil Gnáthóige Reatha le haghaidh gach grúpa (nó léarscáil shamplach mura bhfuil a leithéid)
- ✓ Seicliosta Léarscáil Gnáthóige le haghaidh gach grúpa
- ✓ Pinn Luaidhe/Páipéar i gcomhair nótaí
- ✓ Táibléad/Ceamara i gcomhair grianghraif

## Cur Chuige:

| Céim 1: | Gnáthóga Reatha a Mhapáil |
|---|---|
| **Léarscáil Gnáthóga** | Ag clárú an méid atá againn cheana féin |

1. Roinn na daltaí ina ngrupaí de 3-4, agus cuir ag obair ar an Léarscáil Gnáthóige iad.
2. Cláraigh an dáta, an aimsir, agus aghaidh an láithreáin ar an léarscáil (Thuaidh, Theas, Thoir, Thiar).
3. Déan measúnú ar fhearann na scoile leis na daltaí, ag glacadh nótaí agus sibh ag siúl. Bain úsáid as Seicliosta na nGnáthóg Samplach chun cabhrú leat.
4. Cuir foirgnimh, carrchlóis, páirceanna imeartha, srl san áireamh.
5. Tug áiteanna gaofar, áiteanna ar scáth na gaoithe, áiteanna te, srl. faoi deara.
6. Cuir fáilte roimh chomharsana na scoile chun cabhrú libh (Ionad Pobail, eastát tithíochta)
7. Déan gnéithe den ghnáthóg a thaifeadadh mar a aimsítear iad – crann ar bith atá ann, fálta, faiche, muineacha, spásanna fiáine, boscaí éan, trinsí, corrach ar bith.
8. Má chastar le feithid nó le héan ar bith, déan iad a chlárú chomh maith leis an áit ina bhfuarthas iad.
9. Is féidir cúrsaí matamaitice (comhaireamh, tomhas) a thabhairt isteach trí na daltaí a chur ag tomhas faid an chlóis (is leor céimeanna coise a úsáid).
10. Tá an próiséas mapála curtha i gcrích agat ar fhearann na scoile!

| Céim 2: | Gnáthóga Féideartha |
|---|---|
| **Plean Gnáthóga** | Gnáthóga le forbairt |

1. Is féidir an plean a fhorbairt anois. Roghnaigh suíomhanna a oirfidh do ghnáthóga nua. D'fhéadfadh coillte dúchasacha, spásanna fiáine, fálta dúchasacha measctha, chairn lomáin, óstán na bhfeithidí, cúinne an ghiorria, garraí glasraí nó lochán beag fiadhúlra a bheith ina measc anseo.
2. D'fhéadfadh conair dhúlra na gnáthóga a cheangal le chéile (Féach Léarscáil Shamplach).
3. Cabhróidh sceideal le díriú ar an plean oibre, tionscnamh i ndiaidh tionscnaimh.

Green-Schools
An Taisce

4. D'fhéadfaí na gnáthóga seo a chruthú mar chuid de ghníomhaíocht bithéagsúlachta na scoile, de réir a chéile.

5. Ina theannta sin, is féidir comharthaí faisnéise a dhéanamh ag na 'príomhionaid bithéagsúlachta' seo, mar chuid den chonair dhúlra ar mhaithe le pobal na scoile.

## Naisc Usáideacha:

**Acmhainní Bithéagsúlachta Scoileanna-Glasa:**
www.greenschoolsireland.org/resources/theme_category/biodiversity/

**GLOBE – Faisnéis faoi Chrainn**
www.globe.gov/about

**Eolaíocht Saoránach: Bithéagsúlacht Éireann:**
www.biodiversityireland.ie/record-biodiversity/

**Bileog 'Flower–Insect-Timed Count (FITC)':**
www.pollinators.ie/record-pollinators/fit-count/

**Acmhainní Plean um Pailneoirí Uile-Éireann:**
www.pollinators.ie

**An Scéim Oidhreachta sna Scoileanna – Acmhainní do Mhúinteoirí:**
www.heritageinschools.ie/teachers-resources

**Comhairle Crann na hÉireann:**
www.treecouncil.ie

**Bláthanna Fiáine na hÉireann:**
www.wildflowersofireland.net
www.irishwildflowers.ie

# BITHÉAGSÚLACHTA
## BILEOG GNÍOMHAÍOCHTA DO MHIC LÉINN

Green-Schools
An Taisce

## Seicliosta chun Gnáthóga a Mhapáil

**Ainm:** ___________________________

**Dáta:** ___________________________

| Céim 1 | Gnáthóga Reatha a Mhapáil |
|---|---|
| **Léarscáil Gnáthóga**<br>**Gnáthóga atá ann cheana a chlárú** | |

| Cineál Scoile |
|---|
| Scoil Tuaithe |
| Scoil Fo-Uirbeach |
| Scoil Uirbeach |

| Nótaí |
|---|
| *Aghaidh an láithreáin – Ní mór treoshuíomh an láithreáin a mharcáil, chomh maith le treo na gaoithe thiar theas agus ó thuaidh |

| Gnáthóga Reatha | Ann/Ní (Nótaí) |
|---|---|
| 1. Faiche/Páirc Imeartha (an féar á bhaint) | |
| 2. Spásanna Fiáine (féar fada) | |
| 3. Spásanna Concréite | |
| 4. Páirceanna Imeartha | |
| 5. Talamh Bán | |
| 6. Ceapach Bláthanna | |
| 7. Potaí Plandaí /Bláthbhoscaí fuinneoige | |
| 8. Garraí Glasraí | |
| 9. Carn/Bosca Muirín | |
| 10. Garraí Luibheanna | |
| 11. Crainn (speicis?) | |
| 12. Fálta (speicis?) | |
| 13. Ballaí (concréite nó cloiche?) | |
| 14. Eidhneán ar na ballaí | |
| 15. Óstán na bhFeithidí | |
| 16. Lochán Fiadhúlra | |
| Gnáthóg eile ar bith? | |

# BITHÉAGSÚLACHTA

## BILEOG GNÍOMHAÍOCHTA DO MHIC LÉINN

**Liosta Speiceas:**

Cláraigh thíos **Plandaí, Ainmhithe, Éin agus Feithidí** a bhfaightear ar fhearann na scoile

| An rud a fuarthas | Cén áit? An crann ina bhfuarthas é? An bláth ar a bhfuarthas é?... |
| --- | --- |
| m.s. Seamair san fhéar | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

Green-Schools
An Taisce

# Seicliosta chun Gnáthóga a Mhapáil

**Ainm:** ______________________________

**Dáta:** ___________________________

| Céim 2 |
|---|
| **Gnáthóga féideartha nua a fhorbairt** |

| Gnáthóga Féideartha |
|---|
| |

| Cineál Scoile |
|---|
| Scoil Tuaithe |
| Scoil Fo-Uirbeach |
| Scoil Uirbeach |


| Gnáthóga Féideartha Nua | Pleanáilte/Nótaí |
|---|---|
| 1. Coill Bheag Dhúchasach (ar imeall fhearann na scoile) | |
| 2. Fálta Dúchasacha (ar theorainn na scoile) | |
| 3. Garraí Glasraí | |
| 4. Múirín - Piastlann – drámhaíl bia na scoile a athchúrsáil | |
| 5. Garraí Luibheanna – ar mhaithe leis an bhfiadhúlra agus mar ghné chéadfach | |
| 6. Spásanna ar son Phailneoirí – ceapacha bláthanna dúchasacha – Cluain de bláthanna fiáin | |
| 7. Gnáthóga Tógtha – Óstán na bhFeithidí, Bothán Gheimhriúchán Ghráinneog, boscaí éin/sciatháin leathair, cúinne an ghiorria, srl. | |
| 8. Claí Saileach Beo (mar scáthlán gaoithe nó ornáidíocht) | |
| 9. Cruinneachán Saileach (mar spás ciúin, socair le áit suí shímplí) | |
| 10. Crainn Torthaí – úlla, piorraí, plumaí, srl. | |
| 11. Toir Torthaí - cuiríní dubha, sú craobh, spíonán | |

Green-Schools
An Taisce

| Gnáthóga Féideartha Nua | Pleanáilte/Nótaí |
|---|---|
| 12. Spásanna Fiáin – gan an féar a ghearradh | |
| 13. Chairn Duille – Chairn Lomáin (faoi na fálta, srl) | |
| 14. Lochán Fiadhúlra – gnáthóg do froganna | |
| Gnáthóg eile ar bith?<br>Is féidir gnáthóg ón gcéad liosta a chur san áireamh anseo freisin | |

| Smaointe Eile | |
|---|---|
| Conair Dhúlra (chun aird a tharraingt ar na gnáthóga) | |
| Comharthaí Faisnéise (chun pobal na scoile a chur ar an eolas) | |
| Clár Fógraí Scoileanna-Glasa – leis an léarscáil agus an plean san áireamh | |

# Léarscáil Gnáthóige Samplach




## Eochair Léarscáil

Gaoth Fuar




1. Fálta Dúchasacha Meascttha
2. Coill Dhúchasach Mheasctha
3. Chairn Lomáin/Óstán na bhFeithidí, Gnáthóg Frog
4. Crainn/Toir Torthaí
5. Bláthanna Fiáin
6. Múirín/ Múirín Duille
7. Lochán Fiadhúlra
8. SpásFiáin - Féar Fada

Gnáthóga le Teacht

9. Garraí Glasraí agus Luibheanna

----- Bóthar Gnóthach -----

An Phríomhghaoth (Thiartheas)

# BITHÉAGSÚLACHTA

## BILEOG TACAÍOCHTA

## Moltaí



**Chairn Lomáin**

- Mar chuid d'fhálta
- Bain úsáid as scotháin fálta/chrann
- Is féidir roinnt acu a chur timpeall fhearann na scoile

**Múirín/Múirín Duille**

- Déan chun scotháin féir, drámhaíl garraí agus duilleoga a mhúirínigh
- Má tá go leor duilleoga, is féidir carn múirín duille ar leith a chruthú

**Conair Dhúlra**

- D'fhéadfadh conair dhúlra na gnáthóga a cheangal le chéile m.s. fál, coill

**Comharthaí Faisnéise**

- Déanann siad seo chun fhearann na scoile a athrú ina acmhainn oideachais ar mhaithe le pobal na scoile ar fad
- D'fhéadfaí comharthaí a chur taobh le crainn agus plandaí faoi leith

**Áit Suí**

- D'fhéadfaí rang a reáchtáil faoin spéir
- Bain úsáid as lomáin adhmaid

**Uisce**

- D'fhéadfaí lochán fiadhúlra a bheith ar aon mhéid
- Cuir bailiú uisce san áireamh sa phlean gníomhaíochta

LEARNING ABOUT FORESTS

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture Food and the Marine

Green-Schools